***Ceist 1***

**a) Cá bhfuil Seán ina chónaí?**
Corcaigh / cathair chorcaí / contae Chorcaí / lasmuigh de chathair Chorcaí / faoin tuath.

**b) Scríobh síos dhá phointe eolais faoi dheirfiúr Sheáin**.
Cáit is ainm di / tá sí fiche bliain d'aois / is imreoir haca í / imríonn sí le foireann na hÉireann.

**c) Cén spórt a bhfuil suim mhór ag Seán ann?**
Snámh

**d) Cad ba mhaith le Seán a dhéanamh lá éigin?**
Snámh ar son na hÉireann sna Cluichí Oilimpeacha

***Ceist 2***

**a) Cén aois í Róise Bean Uí Néill inniu?**
Céad bliain d'aois / 100

**b) Cé a sheol an litir speisialta chuig Róise Bean Uí Néill?**
Uachtarán na hÉireann

**c) Cá háit a bhfuil Róise Bean Uí Néill ina cónaí?**
Ar Árainn Mhór, i gCo. Dhún na nGall

**d) Cé mhéad garpháiste atá ag Róise?**
Deichniúr

**e) Cad a bheidh ar siúl i halla an phobail anocht.**
Cóisir.

***Ceist 3***

**a) Cad air a raibh Síle ag féachaint ar an teilifís?**
Ar réamhaisnéis na haimsire

**b) Tabhair pointe amháin eolais faoin aimsir anocht**
Níl cuma rómhaith ar chúrsaí / sa tuaisceart agus san iarthar a bheidh an aimsir is measa / beidh gaoth láidir ann / beidh báisteach throm ann.

**c) Cá rachaidh Síle agus a cairde anocht?**
Ag rince/Tír na nÓg/Amach lena cairde/amach

**d) Tabhair dhá phointe eolais faoi Thír na nÓg.**
Bíonn craic ann / bíonn an t-atmaisféar go maith / bíonn rince ann.

**a) Cé mhéad iasc, ainmhí agus planda a bhfuil staidéar déanta orthu sna farraigí? (Alt 1)**

240,000

**b) Tabhair dhá phointe eolais faoin gcineál ceantair iad na farraigí. (Alt 1)**

Tá siad domhain / tá siad dorcha / níl sé éasca iad a fhiosrú / Níl sé sábháilte iad a fhiosrú

**c) Cá bhfuil an t-ochtapas ina chónaí? (Alt 2)**

Tá an t-ochtapas ina chónaí sna farraigí ar fud an domhain.

**d) Scríobh síos dhá rud faoi chosa an ochtapais? (Alt 2)**

Ceithre phéire cos atá ar an ochtapas
tá sé ábalta smaoineamh lena chuid cos
tá dhá thrian dá chuid néarón sna cosa aige
is féidir leis na cosa a bheith ag obair go neamhspleách ar an inchinn
tá sé in ann cos nua a fhás

**e) Tabhair dhá cheann de na buanna atá ag an ochtapas. (Alt 3)**

Is féidir leis é féin a bhrú trí pholl chomh beag le 2.5 cm trasna
tá gob géar crua air a úsáideann sé le portáin a bhriseadh agus a ithe
is féidir leis siúl ar na cosa deiridh ar thóin na farraige
is féidir leis blaosc chró cócó a iompar leis chun teach a dhéanamh de
tá sé ábalta dath a choirp a athrú go han tapa
is féidir leis dath buí, oráiste, dearg, donn nó dubh a chur air féin
is féidir leis dul i bhfolach ar éisc mhóra ar nós siorcanna agus eile
is féidir leis dúch gorm a scaoileadh le éisc eile chun iad a chur trína chéile.

**f) Tabhair dhá phointe eolais as a léiríonn gur cleasaí cliste é an t-ochtapas? (Alt 4)**

Rinneadh scannán faoi
bhí muinín agus cairdeas idir Foster agus an t-ochtapas
feicimid an t-ochtapas ag súgradh le Foster
é ina luí ar a ucht
ligeann sé do Foster féachaint air ag seilg agus ag ithe
feicimid an t-ochtapas ag iompar sliogán chun é féin a choinneáil slán
ghreamaigh an t-ochtapas é féin de dhroim an tsiorca sa chaoi is nach bhféadfadh an siorc greim a fháil air ná é a ithe.

**g) An bhfuil aon suim agat féin i gcúrsaí farraige nó mara? Tabhair fáth amháin le do fhreagra.**

Tá, mar is breá liom dul ag snámh san fharraige ar mo laethanta saoire nuair atá an aimsir go hálainn.

**Teideal an úrscéil :** Daideo
**Ainm an údair :** Áine Ní Ghlinn

**a) Cad é príomhthéama an úrscéil?**

Is é an feall príomhthéama an úrscéil seo. Tá Liam agus Daideo ag insint bréaga dá chéile. Níl an bheirt acu macánta. Ligeann Daideo air gur fear deas é ach is duine uafásach agus glic é.

**b) Déan cur síos gairid ar eachtra mhór amháin san úrscéal**

Tarlaíonn an eachtra is mó agus is iontaí ag an deireadh ar fad. Is é an fuadach ag deireadh an úrscéil an buaicphointe is mó. Is eachtra scanrúil é gan dabht. Tuirlingíonn Liam agus Daideo den tréan. Tá Daideo chun aire a thabhairt do Liam. Caithfidh siad lá deas le chéile sa chathair. Tá muinín ag Liam i nDaideo. Ar an drochuair is bréagadóir é Daideo. Tagann Manas agus Daideo chun Liam a fhuadach. Beireann sé greim láidir ar lámh Liam agus caitheann sé Liam ar chúl an chairr. Cuireann sé ciarsúr ar aghaidh Liam agus tá Liam gan lúth. Tá an t-ádh ar Liam mar tagann na Gardaí chun é a shábháil. Chuir fear na dticéad fios ar na Gardaí. Is é fear na dticéad laoch an scéil.

**c) Déan cur síos gairid ar an gcarachtar is fearr leat féin san úrscéal/sa dráma**

Is é Liam an carachtar is fearr liom. Is fear óg suimiúil agus saonta é. Éalaíonn sé ón mbaile mar tá eagla air. Is breá leis a mháthair ach ní maith leis a athair. Ceapann sé go mbeadh saol níos fearr ag a mháthair má tá sé imithe ón mbaile. Feicimid gur duine cineálta é.

Ach mothaíonn an mháthair uaidh ar an turas traenach. Ba mhaith leis filleadh abhaile ansin. Athraíonn sé a intinn ach tá Daideo chun é a fhuadach i ngan fhios dó. Is léir gur duine goilliúnach agus saonta é. Creideann sé gach focal ó bhéal Daideo.

**d) An raibh tú sásta le críoch an úrscéil**

Bhí mé sásta le críoch an úrscéil mar bhí críoch shona ann. Níor tharla aon rud gránna ná brónach do Liam. Shábháil na Gardaí é agus bhí áthas orm.

***Laethanta Saoire***

Chuaigh mé ar laethanta saoire an mhí seo caite. Bhain mé taitneamh as an tsaoire. Bhí tuirse orm agus lig mé mo scíth ansin. Chaith mé an tsaoire ar fad ar mo shuaimhneas.

Chuaigh mé féin agus mo theaghlach chuig an Spáinn. D'fhanamar in óstán in aice na farraige. Bhí áiseanna dochreidte san óstán buíochas le Dia. Bhí teach tábhairne le teilifís ollmhór. D'fhéachamar ar na Cluichí Oilimpeacha lá amháin. Bhí trí linn snámha ann. Bhí ionad aclaíochta agus siopa caifé beag freisin. Ní raibh leadrán ar bith orm. Bhíomar cúig nóiméad ón mbaile mór freisin. Shiúlamar chuig an mbaile mór chun bialann a aimsiú gach oíche. D'itheamar in áiteanna deasa nua-aimseartha. Cheannaigh mo thuismitheoirí na béilí. Is daoine flaithiúla iad. Bhaineamar triail as gach sórt bia, bia na Fraince, bia na hIodáile agus bia na Gréige. Ní fhéadfainn gearrán ar bith a dhéanamh. Fuaireamar uachtar reoite ar an mbealach abhaile gach oíche freisin.

Bhí an aimsir go hálainn. Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch. Bhí mo thuismitheoirí an-sásta freisin. Chaith mé uachtar gréine chun mé féin a chosaint ón ngrian. Bhí an aimsir níos fearr sa Spáinn ná mar a bhí in Éirinn. Chaith mé lá amháin ag siopadóireacht freisin. Theastaigh léine nua uaim. D'fhéach mé i gcúpla siopa agus d'aimsigh mé léine gorm álainn. Bhí mé ar mhuin na muice. Chuaigh mo Dhaid ag rothaíocht le mo dheartháir an lá sin. Chuaigh siad in aice leis an gcósta. Bhí lá iontach acu ach bhí tuirse orthu.

Bhain mé an-sult as an laethanta saoire iontach. Fillfidh mé an bhliain seo chugainn le cúnamh Dé.

Tá Paul Conroy ag imirt le foireann shinsir pheile na Gaillimhe. Bhí Paul Conroy **mar** Ambasadóir na Gaeilge ag Cumann Lúthchleas Gael do 2022. Rugadh agus tógadh Paul le Gaeilge i gcathair **na** Gaillimhe. Tá Paul sáite **i** saol na Gaeilge. Tá an Ghaeilge fite fuaite i saol oibre **agus** pearsanta Paul. Bíonn sé ag **labhairt** Gaeilge chuile lá agus bíonn sé ag múineadh Gaeilge freisin.

**Teideal an ghearrscéil :** Katfish

**Ainm an údair :** Ógie Ó Céilleachair

**a) Déan cur síos gairid ar phlota an ghearrscéil nó suíomh an ghearrscéil.**

Is gearrscéal aisteach conspóideach é seo. Déantar plé ar dhainséar an idirlín. Tá beirt ag iarraidh an dallamullóg a chur ar a chéile. Tá seanfhear ag ligean air gur déagóir óg é (Jongreen). Tuigeann Kitikat é seo ach ligean sí uirthi gur duine saonta í. Buaileann an bheirt le chéile i bpáirc ag deireadh an ghearrscéil. Goideann Kitikat a airgead agus briseann sí a fhón póca.

**b) Ar thaitin an gearrscéal seo leat féin? Tabhair cúis amháin le do fhreagra.**

Níor thaitin an gearrscéal liom. Cheap mé go raibh ábhar an scéil aisteach agus míchompordach. Cuireadh beirt mhímhacánta os ár gcomhair. D'inis an bheirt acu bréaga don scéal ar fad. Ní raibh críoch an ghearrscéil oiriúnach ná réalaíoch. Ní ceart do Kitikat dul go dtí an pháirc léi féin. Is drochshampla é seo do pháistí óga.

1. Tá An Cailín Ciúin bunaithe ar an ngearrscéal **Béarla** Foster.
2. Is í an t-aisteoir **óg** Catherine Clinch atá sa phríomhpháirt.
3. **Thaitin** An Cailín Ciúin le daoine sa bhaile agus i gcéin.
4. Tugadh ardmholadh **don** scannán, An Cailín Ciúin.
5. Bronnadh ocht **ngradam** IFTA ar An Cailín Ciúin.
6. Tá breis is €1 milliún déanta sna **pictiúrlanna** ag An Cailín Ciúin.

Is é __________________ an scannán is fearr liom mar tá an scannán an-suimiúil. Tá an príomhcharachtar greannmhar / spéisiúil. Bhí teannas le brath sa radharc deireanach agus thaitin sé go mór liom.

**Teideal an dáin :** Dán do Lara,10.

**Ainm an fhile :** Micheál Ó hAirtnéide

**a) Déan cur síos gairid ar dhá íomhá sa dán a thaitníonn leat.**

Íomhá 1: “Crann Fuinseoige trí thine”

Is íomhá láidir álainn í seo de chrann agus lasracha tine. Ar an lámh eile tugann sé cur síos dúinn ar dhath gruaige Lara. Tá gruaig rua fhiáin mhealltach uirthi cosúil le lasair gan chosaint. Meallann an dath aird daoine.

Íomhá 2 : “Is scata coiníní, ag damhsa leat”

Is maith liom an íomhá seo mar tá na coiníní ag teacht go Lara. Meallann sé na hainmhithe allta mar tá sí séimh, álainn agus milis. Tá boladh deas uaithi díreach cosúil le bláthanna agus torthaí. Tá na hainmhithe ar a suaimhneas timpeall uirthi.

**b) Déan cur síos gairid ar mhothúchán amháin a spreagann an dán ionat féin.**

Spreagann an dán seo áthas ionam féin. Is dán dearfach agus dóchasach é seo. Tá an file ag guí gach rath ar a iníon óg Lara. Tá sé an-bhródúil aisti. Tugann sé cur síos álainn uirthi agus feicimid go bhfuil grá gan chuntar aige di.